# Beannachtaí ón tEaspag Mícheál do
# Sheachtain Scoileanna Chaitliceach 2024

Tá fís Caitliceach den oideachas fréamhaithe sa duine Íosa as Nazarat sa Ghailíl. Ba é an Críost nó an té ungtha ag Dia. Is grá a bhí i gcroílár a bheatha agus a theachtaireacht. Ní an "fuzzy" chineál grá sin ach rud níos cosúil le grá tuismitheora dá bpáiste. Cruthaíonn an grá seo ceangal domhain idir daoine. Bíonn sé i gcónaí cineálta agus i gcónaí aireach do riachtanais daoine eile. Tá sé flaithiúil as féin. Tugann sé as féin ar mhaithe le maitheas an duine eile. Cothaíonn agus cuireann sé le saol na ndaoine ina timpeall, agus sa deireadh déanann sé an domhain ina áit níos fearr.

Go teoiriciúil, ar a laghad, nuair a chláraíonn tú i scoil Caitliceach, tá tú ag clárú i scoil an ghrá. Go praiticiúil, ba cheart gurb iad áiteanna, na scoileanna Caitliceach, ina bhfuil an caidreamh idir daoine bunaithe ar an ngrá neamhleithleach a feictear i mbeatha Íosa. Áit a bhíonn daltaí agus foirne ag tabhairt aire agus ag faire amach dá chéile. Áit a bhíonn meas ag daltaí dá chéile. Áit, a n-oibríonn agus a thugann daoine go leor dóibh féin ar mhaithe le gach aon bhall den pobal scoile -na tuismitheoirí, bord bainistíochta na scoile agus an pobal i gcoitinne.

Is "An Scoil mar Phobal Chun Seirbhíse" téama na bliana seo do sheachtain Scoileanna Caitliceach 2024 - Cuireann sé seo chun cinn an smaoineamh gurb ionann Scoil Caitliceach agus áit le grá a chleachtadh agus a fhoghlaim. I rith na bliana atá thart, bhí an deis agam cuairt a thabhairt ar chúpla Scoileanna Caitliceach, bunscoileanna agus meánscoileanna. Gach uair, chuaigh an t-atmaisféar macánta de ghrá agus de chúram a chonaic mé i measc an fhoireann agus na daltaí go mór i bhfeidhm orm. Go minic, bhain mo chuairt le hócáidí ina raibh an grá seo dírithe ar dhaoine a bhí lámh cúnta ón pobal scoile de dhíth orthu - oscailt ranganna do pháistí le riachtanais bhreise nó club bricfeasta a sheoladh. Chonaic mé pobal scoile

iomláine ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí tiomsaithe airgid do dhaoine gan mórán. Achainí bhosca bróg um Nollaig nó Lá Saor ó Éadaí Scoile ar mhaithe lena mbrainse áitiúil de Naomh Uinseann de Pól nó don ionad do dhaoine atá ag éalú ó chogadh nó ón bhochtaineacht. Bunaithe ar bheatha agus ar theachtaireacht Íosa, tá pobail scoile ag cabhrú, ina chaoi féin, ag déanamh iarracht iad féin, a bpobal agus ár ndomhain a dhéanamh níos fearr.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil mo bhuíochas a ghabháil lenár mBoird Bainistíochta, ár bpríomhoidí, ár múinteoirí, ár bhfoireann scoile, ár gCumainn Tuismitheoirí, ár Sagairt, baill ár Rúnaíocht Oideachais na Deoise - agus na daoine ar fad atá sa ghairm uasal, an t-Oideachas Caitliceach, inár gComhdheoisí.

Críochnóidh mé le sliocht athfhriotail ón scríbhneoir Meiriceánach mór le rá, Oscar Hammerstein, "A bell's not a bell 'til you ring it - A song's not a song 'til you sing it - Love in your heart wasn't put there to stay -Love isn't love 'til you give it away!" Is é mo mhian agus mo ghuí go leanfaidh ár bpobal Scoile Caitliceach ní hamháin leis an ngrá a mhúineadh ach é a chur i gcleachtas agus a léiriú conas é a roinnt freisin. Áiméan.

✠ Mícheál Ó Duigneáin

Easpag Chluain Fearta
Easpag na Gaillimhe agus Chill Mhic Dhuach
Riarthóir Aspalda Chill Fhionnúrach

Tá Seachtain Scoileanna Caitliceach ar siúil 21 - 27 Eanáir 2024. Tá sonraí breise mar aon le hacmhainní le húsáid i do scoil ar fáil ag www.catholicschools.ie